Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5374/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0002 (NLE)**

**TRANS 19**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Eanáir 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 5 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus, a mhéid a bhaineann le dréacht-Chinneadh Uimh. x/xxxx ón gCoiste sin lena mbunaítear a Rialacha Nós Imeachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 5 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 5 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.1.2026
COM(2026) 5 final

2026/0002 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus, a mhéid a bhaineann le dréacht-Chinneadh Uimh. x/xxxx ón gCoiste sin lena mbunaítear a Rialacha Nós Imeachta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus[1] (dá ngairtear 'an Prótacal' anseo feasta), i ndáil le cinneadh ón gCoiste sin lena mbunaítear a Rialacha Nós Imeachta a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú Interbus agus a Phrótacal maidir le hiompar tráthrialta

Is é is aidhm do Chomhaontú Interbus maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus[2] (dá ngairtear 'Comhaontú Interbus' anseo feasta) foráil a dhéanamh maidir le léirscaoileadh comhchuibhithe seirbhísí ócáideacha idirnáisiúnta áirithe de chóiste agus de bhus. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2003. Is Páirtí Conarthach é an tAontas Eorpach sa Chomhaontú[3], in éineacht le Poblacht na hAlbáine, Prionsacht Andóra, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Moldóive, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Poblacht na Seirbia, Poblacht na Tuirce, an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe.

Leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus (dá ngairtear 'an Prótacal' anseo feasta), leathnaítear raon feidhme Chomhaontú Interbus, trí bhíthin forálacha lena mbunaítear nósanna imeachta le haghaidh seirbhísí tráthrialta agus seirbhísí tráthrialta speisialta faoi réir údarú. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2024 i gcás an Aontais Eorpaigh[4], Phoblacht na Moldóive agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Dhaingnigh Poblacht na hAlbáine, an Ríocht Aontaithe agus an Úcráin an Prótacal ina dhiaidh sin le héifeacht ón 1 Márta 2025, ón 1 Aibreán 2025 agus ón 1 Bealtaine 2025 faoi seach.

### 2.2. Comhchoiste an Phrótacail

Chun bainistiú an Phrótacail a éascú, bunaítear Comhchoiste le hAirteagal 18(1) de. Sonraítear in Airteagal 18(2) den Phrótacal go mbeidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 23 agus 24 de Chomhaontú Interbus maidir leis an gComhchoiste sin.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal

Le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige, tá an Comhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal le cinneadh a ghlacadh lena mbunófar a Rialacha Nós Imeachta féin.

---

1 IO L 122, 5.5.2023, lch. 3.

2 IO L 321, 26.11.2002, lch. 13.

3 Cinneadh 2002/917/CE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2002 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Interbus maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (IO L 321, 26.11.2002, lch. 11).

4 Cinneadh (AE) 2023/911 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus (IO L 122, 5.5.2023, lch. 1).

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe bainistiú an Phrótacail seo a éascú.

Beidh na Rialacha Nós Imeachta atá beartaithe ina gceangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 23(3) de Chomhaontú Interbus — is infheidhme de bhua Airteagal 18(2) den Phrótacal — lena bhforáiltear go bhfuil an Comhchoiste lena Rialacha Nós Imeachta féin a ghlacadh.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis na Rialacha Nós Imeachta atá beartaithe, éascófar bainistiú an Phrótacail. Is é is aidhm dóibh, go háirithe, rialacha a leagan síos maidir leis an rúnaíocht agus maidir le cruinnithe an Chomhchoiste.

Tá bunú na Rialacha Nós Imeachta sin den Chomhchoiste comhsheasmhach le beartas iompair an Aontais, ós rud é go n-éascóidh sé go mór cur i bhfeidhm an Phrótacail.

Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal a bheith ag comhfhreagairt go dlúth, leis na hoiriúnuithe is gá, do Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste arna bhunú faoi Chomhaontú Interbus[5].

Dá bhrí sin, ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal na Rialacha Nós Imeachta atá beartaithe a ghlacadh, bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Ós rud é gur páirtí sa Phrótacal é an tAontas Eorpach, tagann an t-ábhar faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[6].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste arna bhunú le comhaontú, mar atá, an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus.

---

[5] IO L 8, 12.1.2012, lch. 38.

[6] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 18(2) den Phrótacal, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 24(3) de Chomhaontú Interbus.

Leis an gníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas iompair i réimse an bhóthair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 91 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leagfaidh gníomh ón gComhchoiste amach a Rialacha Nós Imeachta, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2026/0002 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus, a mhéid a bhaineann le dréacht-Chinneadh Uimh. x/xxxx ón gCoiste sin lena mbunaítear a Rialacha Nós Imeachta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas Comhaontú Interbus maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (dá ngairtear ‘Comhaontú Interbus’ anseo feasta) a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2002/917/CE ón gComhairle[7] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2003.

(2) Thug an tAontas an Prótacal maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus (dá ngairtear ‘an Prótacal’ anseo feasta) a ghabhann le Comhaontú Interbus i gcrích le Cinneadh (AE) 2023/911 ón gComhairle[8] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2024.

(3) De bhun Airteagal 23(3) de Chomhaontú Interbus, is infheidhme de bhua Airteagal 18(1) den Phrótacal, tá an Comhchoiste lena Rialacha Nós Imeachta féin a ghlacadh.

(4) Le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige, tá an Comhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal le cinneadh a ghlacadh lena mbunófar a Rialacha Nós Imeachta féin.

(5) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste, is iomchuí é a leagan síos, ós rud é go mbeidh an Cinneadh atá le glacadh ag an gcoiste sin ina cheangal ar an Aontas

(6) Le bunú Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, éascófar cur i bhfeidhm an Phrótacail. Ba cheart na rialacha sin a bheith ag comhfhreagairt go dlúth, leis na hoiriúnuithe is gá, do Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste arna bhunú faoi Chomhaontú Interbus[9].

[7] IO L 321, 26.11.2002, lch. 11.
[8] IO L 122, 5.5.2023, lch. 1.
[9] IO L 8, 12.1.2012, lch. 38.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcéad chruinniú eile den Chomhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 18(1) den Phrótacal maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus a ghabhann le Comhaontú Interbus, a mhéid a bhaineann lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Mionathruithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh ionadaithe an Aontais iad a chomhaontú sa Chomhchoiste gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*